# An Ráiteas um Chumhdach Leanaí

## 1. Clár Oideachais agus For-rochtana Iascach Intíre Éireann

**Tugann Iascach Intíre Éireann (IIÉ) faoi sheirbhísí oideachais agus for-rochtana iascaigh agus slatiascaireachta le leanaí agus daoine óga d'fhonn ceantair iascaigh intíre a chur chun cinn agus tacú leo. Seo cuid de na gníomhaíochtaí seo:**

### AN CLÁR 'SOMETHING FISHY'

Oibríonn IIÉ le breis agus 100 scoil trí roinnt ionaid oideachais ar fud na tíre chun an clár oideachais 'Something Fishy' a chur ar siúl, a bhfuil de chuspóir aige suim in iasc agus ina ngnáthóga agus tuiscint orthu a chur chun cinn. Cuireann múinteoirí bunscoile ocht gceacht éagsúla de théama iascaigh ar siúl sa seomra ranga agus cuireann baill foirne IIÉ ceacht ar siúl ina dhiaidh sin ina dtugtar tús eolais ar 'beatha abhann agus a timpeallacht'.

### TIONSCNAIMH SLATIASCAIREACHTA DON ÓIGE

Tá mar aidhm ag na tionscnaimh seo an tslatiascaireacht a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chur chun feabhais i spriocphobail. Is féidir le leanaí agus daoine óga páirt a ghlacadh sa tionscnamh trína scoileanna, a ngrúpaí óige nó a dtionscadail phobail. Glacann rannpháirtithe sa chlár páirt i roinnt gníomhaíochtaí a bhaineann le slatiascaireacht, cosúil le ceachtanna iascaireachta, ag taisteal ar thurais iascaireachta agus dul san iomaíocht i gcomórtais agus taitneamh a bhaint as laethanta iascaireachta leis an teaghlach. Cuirtear cainteanna faoin gcomhshaol agus ceachtanna faoi chaomhnú, faoi cháilíocht an uisce agus faoi chosaint iascaigh ar siúl do rannpháirtithe mar chuid den chlár. Cuirtear léargas ar fáil i gcuir i láthair agus i dturais iascaireachta ar iasc, ar a ngnáthóg, ar bhearta agus ar oideachas caomhnaithe maidir le limistéir iascaireachta áitiúla.

**Aithníonn Iascach Intíre Éireann go bhfuil freagracht thábhachtach orthu maidir le leanaí agus daoine óga a chumhdach a gcuirtear a ngníomhaíochtaí oideachais agus for-rochtana ar fáil dóibh, agus go deimhin maidir leo siúd a n-idirghníomhaíonn siad leo lasmuigh de na 'seirbhísí ábhartha' a chuireann siad ar fáil. Táimid tiomanta don Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo agus do na nósanna imeachta a thacaíonn le heagraíocht atá sábháilte do leanaí a chur chun feidhme.**

## 2. Treoirphrionsabail

Cloífidh Iascach Intíre Éireann leis an tsraith seo treoirphrionsabal chun leanaí a choimeád sábháilte ó dhíobháil fad atá ár seirbhísí á gcur ar fáil dóibh. Creidimid sa mhéid seo a leanas:

- tá leas agus sábháilteacht leanaí agus daoine óga a gcuirimid ár seirbhísí oideachais ar fáil dóibh ríthábhachtach
- Léirítear sna treoirphrionsabail agus sna nósanna imeachta atá againn le leanaí agus daoine óga a chumhdach an beartas agus an reachtaíocht náisiúnta faoi mar a leagtar amach san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015
- táimid tiomanta do sheasamh le cearta na leanaí agus na ndaoine óga ar fad a ghlacann páirt inár gcláir oideachais, na cearta ina measc go gcoinneofaí slán sábháilte iad agus go ndéanfaí iad a chosaint in aghaidh díobhála
- is éard a bhaineann le cumhdach dian leanaí ná go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm chun freagairt nuair a thugtar le fios gur baineadh mí-úsáid as leanbh (nochtadh) nó chun freagairt do bhuairt faoi mhí-úsáid leanaí, agus faoi chosc a chur freisin ar mhí-úsáid agus ar chásanna ina bhféadfadh mí-úsáid tarlú
- cuirtear eispéiris dhearfacha agus fholláine do rannpháirtithe ar fáil inár gcláir oideachais agus for-rochtana
- cuirimid iompar ar bun ar bhealach ina léirítear ardchaighdeáin eiticiúla Iascach Intíre Éireann.

## 3. Teagmhálaí Ainmnithe

I gcomhréir leis an treoir um Thús Áite do Leanaí, d'ainmnigh IIÉ ball foirne mar **an Teagmhálaí Ainmnithe** (an DLP). Tá an DLP freagrach as forbairt threoirphrionsabail agus nósanna imeachta um chumhdach leanaí IIÉ a threorú agus as a chinntiú go bhfuil na beartais agus na nósanna imeachta ag teacht leis an dea-chleachtas. Is é an DLP '**an duine iomchuí**' freisin, is é sin, is é an DLP an chéad phointe teagmhála maidir leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí. Níl aon 'daoine sainordaithe' laistigh den eagraíocht agus tá an DLP freagrach as tuairisciú le duine faoi shainordú (oibrí sóisialta) in Tusla nuair a thagann buairt faoi leas aníos. Tá nós imeachta i bhfeidhm chun liosta daoine sainordaithe a choimeád sa chás go dteastódh seo amach anseo.

Cuirfear foireann uile Iascach Intíre Éireann ar an eolas ar a bhfreagrachtaí um chumhdach leanaí agus ar cé hé/hí an Teagmhálaí Ainmnithe/an Leas-Teagmhálaí Ainmnithe nuair a dhéantar iad a ionduchtú isteach san eagraíocht agus trí mheabhrúchán bliantúil ar an gcéanna.

## 4. Measúnú Riosca

Thug IIÉ faoi mheasúnú ar aon bhaol féideartha go ndéanfaí díobháil do leanbh nó do dhuine óg fad a chuirtear ár seirbhísí Oideachais agus For-rochtana ar fáil dóibh.

| Teideal an Riosca & Cur síos | Bearta a cuireadh i bhfeidhm leis an riosca a laghdú |
|---|---|
| **Cultúr Eagraíochta** | - tá **Beartas agus Nós Imeachta um Chumhdach Leanaí** againn<br>- cuirimid **oiliúint ionduchtúcháin agus athnuachana** ar fáil d'oibrithe IIÉ a chuireann cláir oideachais agus for-rochtana ar siúl ar an mbeartas agus an nós imeachta seo<br>- tá sé éigeantach go gcuireann oibrithe IIÉ a sholáthraíonn cláir oideachais agus for-rochtana **modúl oiliúna ar líne Tusla** i gcrích<br>- cheapamar **Teagmhálaí Ainmnithe (DLP)** atá ar fáil d'oibrithe IIÉ maidir le haon cheist ar bith a bhaineann le cumhdach leanaí |
| **Riosca díobhála** *(mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015)* **in aghaidh linbh a chruthaíonn ball foirne/oibrí deonach/piara** | - tá **Beartas agus Nós Imeachta um Chumhdach Leanaí** againn ina bpléitear an cheist seo<br>- cuirimid **oiliúint ionduchtúcháin agus athnuachana** ar fáil d'oibrithe IIÉ a chuireann cláir oideachais agus for-rochtana ar siúl ar an mbeartas agus an nós imeachta seo<br>- cloímid le **cóimheasa idir oibrithe IIÉ agus rannpháirtithe óga** |
| **Riosca díobhála** *(mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015)* **in aghaidh linbh a chruthaíonn cuairteoir chuig an tseirbhís** | - tá **Beartas agus Nós Imeachta um Chumhdach Leanaí** againn ina bpléitear an cheist seo<br>- cuirimid **oiliúint ionduchtúcháin agus athnuachana** ar fáil d'oibrithe séasúracha agus buana IIÉ<br>- cloímid le **cóimheasa idir oibrithe IIÉ agus rannpháirtithe óga**<br>- Iarraimid ar dhaoine nach bhfuil páirt á glacadh acu **fad oiriúnach a choimeád siar** ó dhaoine rannpháirteacha i rith imeachtaí |
| **Riosca díobhála** *(mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015)* **in aghaidh linbh ag imeachtaí oideachais agus for-rochtana IIÉ a chruthaíonn ball foirne/oibrí deonach/piara** | - tá **Beartas agus Nós Imeachta um Chumhdach Leanaí** againn ina bpléitear an cheist seo<br>- cuirimid **oiliúint ionduchtúcháin agus athnuachana** ar fáil d'oibrithe séasúracha agus buana IIÉ<br>- cloímid le **cóimheasa idir oibrithe IIÉ agus rannpháirtithe óga**<br>- déanann ceannaire/ceannairí imeachta **idirchaidreamh le húdaráis/soláthraithe seirbhíse** le socruithe suímh a dheimhniú<br>- tugaimid faoin líon **rannpháirtithe óga** a chomhaireamh go rialta |
| **Riosca díobhála ag bulaíocht in aghaidh linbh ag ball foirne/oibrí deonach/piara** | - tá **Beartas agus Nós Imeachta um Chumhdach Leanaí** againn ina bpléitear an cheist seo<br>- cuirimid **oiliúint ionduchtúcháin agus athnuachana** ar fáil d'oibrithe séasúracha agus buana IIÉ<br>- cloímid le **cóimheasa idir oibrithe IIÉ agus rannpháirtithe óga**<br>- déanann ceannaire/ceannairí imeachta **idirchaidreamh le húdaráis/soláthraithe seirbhíse** le socruithe suímh a dheimhniú |
| **Riosca díobhála** *(mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015)* **in aghaidh linbh ag grianghrafadóireacht neamhúdaraithe** | - tá **Beartas agus Nós Imeachta um Chumhdach Leanaí** againn ina bpléitear an cheist seo<br>- cuirimid **oiliúint ionduchtúcháin agus athnuachana** ar fáil d'oibrithe IIÉ a chuireann cláir oideachais agus for-rochtana ar siúl ar an mbeartas agus an nós imeachta seo<br>- cuirimid **meabhrúcháin rialta ar fáil don fhoireann ar an riosca seo** i rith na gcruinnithe uile oideachais agus for-rochtana |
| **Riosca díobhála** *(mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015)* **in aghaidh linbh ag mí-úsáid ar líne trí na meáin shóisialta nó trí rochtain idirlín** | - tá **Beartas agus Nós Imeachta um Chumhdach Leanaí** againn ina bpléitear an cheist seo<br>- cuirimid **oiliúint ionduchtúcháin agus athnuachana** ar fáil d'oibrithe IIÉ a chuireann cláir oideachais agus for-rochtana ar siúl ar an mbeartas agus an nós imeachta seo - cloímid le **cóimheasa** idir oibrithe IIÉ agus rannpháirtithe óga<br>- cuirimid **meabhrúcháin rialta ar fáil don fhoireann ar an riosca seo** i rith na gcruinnithe uile Oideachais agus For-rochtana |
| **Riosca nach dtuairisceofar buarthaí leasa** | - cinntímid go gcuirtear an fhoireann go léir a dhéanann teagmháil, ach go háirithe le leanaí, ar an eolas ar a bhfreagracht **a mbuarthaí a thabhairt le fios don Teagmhálaí Ainmnithe (E. Fortune)**<br>- tá **Beartas agus Nós Imeachta um Chumhdach Leanaí** againn ina bpléitear an cheist seo<br>- tá dianphróiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána i bhfeidhm againn i gcomhréir lenár **mBeartas agus Nós Imeachta um Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána**<br>- déanann **Teagmhálaithe Ainmnithe Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána** grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar gach oibrí IIÉ |

## 5. Nósanna imeachta a thacaíonn le heagraíocht atá sábháilte do leanaí

Forbraíodh ár Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar aon dul leis na ceanglais faoin Acht um Thús Aite do Leanaí, 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2017) agus le Cumhdach Leanaí: Treoir Tusla maidir le Beartais, Nósanna Imeachta agus Cleachtais. Chomh maith lenár nósanna imeachta a leagtar amach inár measúnú riosca, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas leis an rún atá againn leanaí a chumhdach fad atá páirt á glacadh acu inár gcláir oideachais:

- Nós imeachta um **bainistiú líomhaintí** mí-úsáide nó mí-iompair in aghaidh oibrithe/oibrithe deonacha;
- Nós imeachta um **earcú agus roghnú sábháilte** oibrithe agus oibrithe deonacha a bheidh ag obair le leanaí;
- Nós imeachta um **oiliúint agus faisnéis um chumhdach leanaí a sholáthar agus teacht orthu**, sainaithint a dhéanamh ar tharlú díobhála san áireamh;
- Nós imeachta um **buarthaí maidir le cosaint nó leas leanaí a thuairisciú** do Tusla;
- Nós imeachta um liosta a choinneáil de na daoine is **daoine sainordaithe**, sa chás gur gá;
- Nós imeachta um dhuine iomchuí a cheapadh.

Cuimsítear na nósanna imeachta uile a liostaítear i mBeartas agus Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí IIÉ agus tá siad ar fáil do bhaill an phobail ar iarraidh sin leis **an Duine Iomchuí**.

## 6. Cur i bhFeidhm

Aithnímid gur próiseas leanúnach é an cur chun feidhme. Táimid tiomanta don Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo a chur chun feidhme, mar aon leis na nósanna imeachta a thacaíonn leis an rún atá againn leanaí a choinneáil slán sábháilte ó dhíobháil fad atá páirt á glacadh acu inár gcláir oideachais agus for-rochtana. Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo in Eanáir **2026** nó déanfar athbhreithniú air a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a theacht ar aon ábhar lena mbaineann an ráiteas seo.

Sínithe: ______ (Duine Iomchuí)

**Iascach Intíre Éireann, 3044 Céide an Locha, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath D24 CK66**
Déan teagmháil, maidir le fiosrúcháin, le **Emma Fortune, an Duine Iomchuí faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015**